



## Foirm Ionadaí i gcomhair Ionadaí do Bhunmhúinteoirí

(Ba cheart éilimh i leith an mhúinteora ionaid atá i láthair sa scoil ar an dáta a dhéanamh sa ghnáthphróiseas ar an gCóras Éileamh ar Líne. Baineann an fhoirm seo le héileamh a dhéanamh maidir leis an ionadaí atá as láthair)

Cuirfear foirmeacha nach bhfuil comhlánaithe ar ais chuig an Scoil.

### Sonraí maidir leis an Sealbhóir Poist Bunaidh (Múinteoir) atá ar Saoire

Uimhir PSP \_\_\_\_\_

Uimhir Phárolla. \_\_\_\_\_

Céadainm \_\_\_\_\_

Sloinne \_\_\_\_\_

An cineál saoire a bhfuil an Sealbhóir Poist Bunaidh uirthi

\_\_\_\_\_

### Sonraí maidir leis an Múinteoir Ionaid Neamhócaídeach atá ar Saoire

Uimhir PSP \_\_\_\_\_

Uimhir Phárolla. \_\_\_\_\_

Céadainm \_\_\_\_\_

Sloinne \_\_\_\_\_

### Sonraí na Scoile

Uimhir Rolla \_\_\_\_\_

Ainm na Scoile \_\_\_\_\_

ríomhphost \_\_\_\_\_

Uimhir Ghutháin. \_\_\_\_\_

### Sonraí Fostaíochta maidir le hIonadaí Neamhócaídeach

Dáta Tosaithe na Fostaíochta \_\_\_\_\_

Dáta Críochnaithe na Fostaíochta \_\_\_\_\_

Bunús an Phoist \_\_\_\_\_

### \*Ní eiseofar aon íocaíocht i leith asláithreachta a tharlaíonn i ndiaidh Dháta Críochnaithe na Fostaíochta

An cineál Asláithreachta	Ón Dáta	Go dtí an Dáta :	Uaireanta atá Sceidealaithe i gcomhair Teagaisc

*(Ní mór go mbeadh cóip den cheadú i gcomhair clúdach ionadaíochta iniata maidir le haon éileamh a bhaineann le saoire inseirbhíse do chúrsaí atá ceadaithe, is féidir é sin a fháil ó sholáthraí an chúrsa)*

### Údarú i gcomhair Íocaíochta

Síniú an Duine a Iontrálann Sonraí ar OLCS \_\_\_\_\_

Síniú an Cheadaitheora ar OLCS \_\_\_\_\_

**NB: Níor cheart an fhoirm seo a chomhlánú ach amháin maidir le híocaíocht i gcás go bhfuil Múinteoir Ionaid atá as láthair ar Saoire i dteideal tuarastail. (féach thall i gcomhair eolais)**

Nuair atá sí comhlánaithe go hiomlán ba cheart an cháipéis seo a chur ar ais chuig an seoladh seo a leanas:

Cuir an Uimhir Rolla ar an taobh amuigh den chlúdach litreach, le do thoil

An Rannóg Párolla Bunmhúinteoirí  
An Roinn Oideachais agus Scileanna  
Cor na Madadh  
Baile Átha Luain  
Contae na hIarmhí, N37 X659

Ba cheart an fhoirm seo a úsáid chun íocaíocht a éileamh nuair atá aon mhúinteoir ionaid neamhócáideach as láthair, sa chás go bhfuil siad i dteideal saoire íoctha i dtaca leis an asláithreacht sin (i.e.) múinteoir a d'oibrigh nó a oibreoidh 40 lá le linn scoilbhliana), mar shampla, sa chás go bhfuil múinteoir eile ar shaoire mháithreachais nó ar shaoire bhreiteachta fhadtéarmach agus nach bhfuil dáta fillte sainithe don mhúinteoir atá as láthair.

## **Nótaí faoi Chomhlánú na Foirme**

### **Cé a chomhlánaíonn an fhoirm seo?**

Comhlánaíonn an Duine a Iontrálann Sonraí agus an Ceadaitheoir don Chóras Éileamh ar Líne sa scoil an fhoirm seo.

### **An féidir an fhoirm seo a úsáid i gcomhair Ionadaithe Ócáideacha?**

Ní féidir an fhoirm seo a úsáid i gcomhair ionadaithe ócáideacha.

### **Cad dó a n-úsáidtear an fhoirm seo?**

Úsáidtear an fhoirm seo chun íocaíocht a thaifeadadh agus a eisiúint i leith múinteoir ionaid neamhócáideach atá as láthair (de bharr tinnis nó de bharr saoire atá ceadaithe) lena chinntiú go leanfaidh siad ar aghaidh ag fáil a gcuid teidlíochtaí fad agus atá siad as láthair.

Níor cheart an fhoirm seo a úsáid chun íocaíocht a éileamh i leith an ionadaí atá i láthair sa scoil ar an dáta.

### **Cad is ionadaí neamhócáideach ann?**

Múinteoir (lánaimseartha nó páirtaimseartha) atá fostaithe faoi chonradh lena bhfuil sé de dhualgas orthu oibriú i scoil ar feadh tréimhse níos faide ná 40 lá oibre le linn na scoilbhliana.

Múinteoir (lánaimseartha nó páirtaimseartha) nach bhfuil fostaithe de bhun conartha dá dtagraítear thuas ach a oibríonn ar feadh tréimhse níos faide ná 40 lá oibre le linn na scoilbhliana.

### **Cad iad na cineálacha asláithreachta atá ceadaithe do mhúinteoir ionaid neamhócáideach?**

Féachtar ar mhúinteoir atá ag obair mar ionadaí neamhócáideach, chun críocha an Achta um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003 mar oibrí ar théarma socraithe. Faoin Acht, tá oibrí ar théarma socraithe i dteideal na dtéarmaí agus na gcoinníollacha fostaíochta céanna agus atá fostaí buan inchomparáide, mura bhfuil cúis oibiachtúil ann nach gceadófaí teidlíocht den chineál sin. Ina theannta sin, nuair atá an t-ionadaí fostaithe ar bhonn páirtaimseartha féadfar teidlíochtaí den chineál sin a cheadú ar bhonn pro-rata.

Go ginearálta, nuair a chuirtear deireadh leis an ngaol fostaíochta, tagann deireadh le haon dualgas atá ar an bhfostóir i leith múinteora maidir le téarmaí fostaíochta. Mar shampla, tiocfaidh deireadh le teidlíocht mhúinteora i leith saoire mháithreachais/uchtála íoctha nuair a théann conradh ar théarma socraithe in éag agus gan athnuachan a bheith déanta ar an gconradh/ar an bhfostaíocht sin. Nuair a dhéantar conradh ar théarma socraithe a athnuachan le conradh ina dhiaidh sin, leanfaidh an saoire mháithreachais/uchtála ar aghaidh, mar aon leis an teidlíocht i leith pá, suas go dtí an teorainn a fhorchuirtear faoin scéim saoire mháithreachais/uchtála nó go dtí go dtéann an conradh ina dhiaidh sin in éag, pé acu is tuisce.

Tá teidlíochtaí i leith asláithreachta faoi rialú an chiorcláin (na gclóir) ábhartha maidir le saoire den chineál sin a ghlacadh agus san áireamh iontu tá:

Saoire Bhreiteachta (Dheimhnithe)

Saoire Mháithreachais

Saoire Force Majeure

Saoire Mhéala

Saoire Uchtála

Saoire Atharachta

Saoire inseirbhíse do chúrsaí atá ceadaithe *(ní mór go mbeadh cóip den cheadú i gcomhair clúdach ionadaíochta iniata maidir le haon éileamh a bhaineann le saoire inseirbhíse do chúrsaí atá ceadaithe, is féidir é sin a fháil ó sholáthraí an chúrsa)*